2025/1938

26.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1938 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh san Iodáil

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 6529)

(Is é an téacs Iodáilise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar tógálach veicteoir-iompartha é ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh a bhíonn ar bhó-ainmhithe. D'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach freisin ar ghluaiseachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas, agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbó-ainmhithe, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile bó-ainmhithe go háirithe mar gheall ar a phríomh-mhodh tarchurtha trí veicteoirí.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 déantar foráil maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm sa chrios srianta sin. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta ar a laghad crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 ón gCoimisiún ([4]) leagtar síos bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh san Iodáil. Le hAirteaga 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 déantar foráil maidir le criosanna srianta a bhunú san Iodáil, ar criosanna srianta iad lena gcuimsítear criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, agus maidir le crios vacsaínithe a bhunú i gcomhréir le Cuid 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún ([5]). Ina theannta sin, le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 déantar foráil maidir leis na criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise sin, chomh maith leis na criosanna vacsaínithe, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann leis an gCinneadh sin, agus go gcuirfear i bhfeidhm na bearta is gá a chur i bhfeidhm sna criosanna sin ar a laghad go dtí na dátaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe i dtaca le galair a chosc agus a rialú a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a chruthaíonn baol suntasach do leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh san Iodáil agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1318 (IO L, 2025/1582, 1.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1582/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le húsáid táirgí íocshláinte tréidliachta áirithe chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 52, 20.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/361/oj).

(5) Ó leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1764 ón gCoimisiún ([6]), thug an Iodáil fógra don Choimisiún faoi 11 ráig bhreise d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar bó-ainmhithe i gcúigí Nuoro, Sassari agus Oristano, i réigiún na Sairdíne, ráigeanna a tuairiscíodh idir an 27 Lúnasa agus an 12 Meán Fómhair 2025. Mar fhreagairt ar na ráigeanna sin, bhunaigh an Iodáil criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise i gcúigí Nuoro, Sassari agus Oristano, i réigiún na Sairdíne, criosanna ina gcuirtear i bhfeidhm na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687

(6) Ina theannta sin, chuir an Iodáil an Coimisiún ar an eolas faoi mhoilleanna ar chur chun feidhme tráthúil na mbeart díothaithe le haghaidh ráigeanna iomadúla d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i réigiún na Sairdíne, rud a d'fhág gur cuireadh síneadh leis na criosanna srianta.

(7) Agus na ráigeanna sin sa tSairdín a tharla le déanaí agus na moilleanna ina dhiaidh sin ar chur chun feidhme tráthúil na mbeart díothaithe á gcur san áireamh, ba cheart, dá bhrí sin, na limistéir a léirítear mar chriosanna cosanta, faireachais agus srianta breise in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 a thabhairt cothrom le dáta leis an gCinneadh seo, agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, faireachais agus srianta breise sin a shocraítear. Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú dá réir.

(8) Maidir le méid na limistéar a shonraítear mar chriosanna cosanta, faireachais agus cosanta breise in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582, arna leasú leis an gCinneadh seo, agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na limistéir sin, bunaítear na nithe sin ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Ar na critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le rogha mhéid an chreasa cosanta, an chreasa faireachais agus an chreasa srianta breise, chomh maith le fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin, áirítear breithniú ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, agus ní hamháin sin ach ar thosca eipidéimeolaíocha eile lena n-áirítear paraiméadair gheografacha agus an riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair i bhfianaise láithreacht veicteoirfheithidí. Cuireadh san áireamh freisin caighdeáin idirnáisiúnta an Chóid um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe ([7]) agus fad tréimhse na mbeart dá bhforáiltear sa Chinneadh seo á chinneadh.

(9) Foráiltear le hAirteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582, go ndéanfaidh an Iodáil na bearta is infheidhme a chur i bhfeidhm maidir le criosanna srianta breise, sa limistéar a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, agus le haghaidh na dtréimhsí ama a shonraítear san Iarscríbhinn sin, i gcomhréir le i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Leis an Airteagal sin, cuirtear toirmeasc freisin ar ghluaiseachtaí bó-ainmhithe ó na limistéir a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 chuig cinn scríbe atá suite lasmuigh de na limistéir sin ar feadh na dtréimhsí a shonraítear san Iarscríbhinn sin. I bhfianaise na ráigeanna leanúnacha d'ionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh i réigiún na Sairdíne, is gá síneadh a chur leis na bearta sin freisin. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 a leasú dá réir.

(10) I bhfianaise fhadú na gcriosanna srianta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582, arna leasú leis an gCinneadh seo, is gá freisin leasú a dhéanamh ar na criosanna vacsaínithe a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 le haghaidh na Sairdíne, chun rialú comhordaithe galar a áirithiú agus chun trádáil laistigh den Aontas agus le tríú tíortha a chosaint.

(11) Maidir leis na criosanna vacsaínithe I agus II a leagtar amach i gCodanna B agus A d'Iarscríbhinn III a gabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582, tá a gcineáil, a méid agus a bhfad tréimhse bunaithe ar an staid eipidéimeolaíoch agus ar dhul chun cinn na bhfeachtas vacsaínithe san Iodáil, agus aird ar leith á tabhairt ar leibhéal athraitheach an chumhdaigh vacsaíne a bhaintear amach, pleananna oifigiúla vacsaínithe an Bhallstáit agus na tuarascálacha ar dhul chun cinn arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361, mar aon leis na riachtanais a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Dá réir sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 a leasú, le haghaidh gach limistéir lena mbaineann, chun go sonrófar dátaí na tréimhse ina mbeidh feidhm ag na criosanna vacsaínithe.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1764 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le hionfhabhtú le víreas ghalar an chraicinn chnapánaigh san Iodáil (IO L 2025/1764, 27.8.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1764/oj).

([7]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/terrestrial-code-online-access/.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 a leasú dá réir sin.

(13) I bhfianaise na staide eipidéimeolaíche san Iodáil, ba cheart feidhm a bheith ag na leasaithe atá le déanamh ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582 leis an gcinneadh seo a luaithe is féidir chun cosc a chur ar leathadh breise an ghalair laistigh den Iodáil, chuig na Ballstáit eile, nó chuig tríú tíortha, agus chun aon suaitheadh nach bhfuil gá leis ar thrádáil laistigh den Aontas nó bacainní gan údar ar thrádáil le tríú tíortha a sheachaint.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1582.

Airteagal 2

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Olivér VÁRHELYI
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN I

Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Réigiún na Sairdíne IT-LSD-2025-00001 IT-LSD-2025-00003 IT-LSD-2025-00004 IT-LSD-2025-00005 IT-LSD-2025-00006 IT-LSD-2025-00007 IT-LSD-2025-00008 IT-LSD-2025-00009 IT-LSD-2025-00010 IT-LSD-2025-00011 IT-LSD-2025-00012 IT-LSD-2025-00013 IT-LSD-2025-00014 IT-LSD-2025-00015 IT-LSD-2025-00016 IT-LSD-2025-00017 IT-LSD-2025-00018 IT-LSD-2025-00019 IT-LSD-2025-00020 IT-LSD-2025-00021 IT-LSD-2025-00022 IT-LSD-2025-00023 IT-LSD-2025-00024 IT-LSD-2025-00025 IT-LSD-2025-00026 IT-LSD-2025-00027 IT-LSD-2025-00028 IT-LSD-2025-00029 IT-LSD-2025-00030 IT-LSD-2025-00031 IT-LSD-2025-00032 IT-LSD-2025-00033 IT-LSD-2025-00034 IT-LSD-2025-00035 IT-LSD-2025-00036 IT-LSD-2025-00037 IT-LSD-2025-00038 IT-LSD-2025-00039 IT-LSD-2025-00040 IT-LSD-2025-00041 IT-LSD-2025-00042 IT-LSD-2025-00043 IT-LSD-2025-00044 IT-LSD-2025-00045 IT-LSD-2025-00046 IT-LSD-2025-00047	Protection zone: Those parts of the region of Sardinia, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.30429, Long. 9.22154 (2025/1), Lat. 40.31139, Long. 9.09821 (2025/3), Lat. 40.24291, Long. 9.22451 (2025/4), Lat. 40.392626, Long. 9.018567 (2025/5), Lat. 40.2623, Long. 9.082244 (2025/6), Lat. 40.22246, Long. 9.19132 (2025/7), Lat. 40.335997, Long. 9.123835 (2025/8), Lat. 40.28903, 9.102816 Long.(2025/9), Lat. 40.209698, Long. 9.177213 (2025/10), Lat. 40.24404, Long. 9.13817 (2025/11), Lat. 40.33445, Long. 9.15608 (2025/12), Lat. 40.319967 Long. 9.100123 (2025/13), Lat. 40.3451 Long. 9.2594 (2025/14), Lat. 40.3121, Long. 9.2046 (2025/15), Lat. 40.34778, Long. 9.16083 (2025/16), Lat. 40.24096, Long. 9.093 (2025/17), Lat. 40.35071, Long. 9.132964 (2025/18), Lat. 40.3399, Long. 9.167 (2025/19), Lat. 40.725228, Long. 9.485748 (2025/20), Lat. 40.467998, Long. 9.151939 (2025/21), Lat. 40.28833, Long. 9.157329 (2025/22), Lat. 40.24569, Long. 9.20289 (2025/23), Lat. 40.260758, Long. 9.168392 (2025/24), Lat. 40.33221, Long. 9.08099 (2025/25), Lat. 40.280527, Long. 9.116003 (2025/26), Lat. 40.3192, Long. 9.1386 (2025/27), Lat. 40.34618, Long. 9.110074 (2025/28), Lat. 40.304711, Long. 9.068162 (2025/29), Lat. 40.25499, Long. 9.12552 (2025/30), Lat. 40.24738, Long. 9.12763 (2025/31), Lat. 40.28341, Long. 9.22293 (2025/32), Lat. 40.25851, Long. 9.20678 (2025/33), Lat. 40.306593, Long. 9.071998 (2025/34), Lat. 40.33359, Long. 9.16725 (2025/35), Lat. 40.3092, Long. 9.2079 (2025/36), Lat., 40.30125, Long. 9.04641 (2025/37), Lat. 40.25888, Long. 9.2727 (2025/38), Lat. 40.26065, Long. 9.27494 (2025/39), Lat. 40.397264, Long. 9.172869 (2025/40), Lat. 40.30794, Long. 9.07156 (2025/41), Lat. 40.29275, Long. 9.116667 (2025/42), Lat. 40.28273, Long. 9.26401 (2025/43), Lat. 40.284756, Long. 9.303752 (2025/44), Lat. 40.32509, Long. 9.133142 (2025/45), Lat. 40.20129, Long. 9.18471 (2025/46), Lat. 40.23263, Long. 9.15369 (2025/47), Lat. 40.27775, Long. 9.03683 (2025/48), Lat. 40.400795, Long. 9.171361 (2025/49), Lat. 40.38841, Long. 9.00316 (2025/50), Lat. 40.30071, Long. 9.15876 (2025/51), Lat. 40.315906, Long. 9.213706 (2025/52), Lat. 40.1822, Long. 8.5336 (2025/53), Lat.40.174537, Long 9.115053 (2025/54), Lat. 40.41825, Long. 9.14141 (2025/55), Lat. 40.206077, Long. 9.135627 (2025/56), Lat. 40.3627, Long. 9.13178 (2025/57), Lat. 40.388023, Long. 9.08036 (2025/58), Lat. 40.414723, Long. 9.128721 (2025/59), Lat. 40.56471, Long. 9.30423 (2025/60), Lat. 40.529482, Long. 9.309159 (2025/61), Lat. 40.528846, Long. 9.316482 (2025/62), Lat. 40.25731, Long. 9.31228 (2025/63), Lat. 40.24868, Long. 9.1688 (2025/64)	31.11.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
IT-LSD-2025-00048 IT-LSD-2025-00049 IT-LSD-2025-00050 IT-LSD-2025-00051 IT-LSD-2025-00052 IT-LSD -2025-00053 IT-LSD-2025-00054 IT-LSD -2025-00055 IT-LSD -2025-00056 IT-LSD -2025-00057 IT-LSD -2025-00058 IT-LSD -2025-00059 IT-LSD -2025-00060 IT-LSD -2025-00061 IT-LSD -2025-00062 IT-LSD -2025-00063 IT-LSD -2025-00064	Surveillance zone: Those parts of the region of Sardinia, contained within a circle of a radius of 50 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 40.30429, Long. 9.22154 (2025/1), Lat. 40.30429, Long. 9.22154 (2025/1), Lat. 40.31139, Long. 9.09821 (2025/3), Lat. 40.24291, Long. 9.22451 (2025/4), Lat. 40.392626, Long. 9.018567 (2025/5), Lat. 40.2623, Long. 9.082244 (2025/6), Lat. 40.22246, Long. 9.19132 (2025/7), Lat. 40.335997, Long. 9.123835 (2025/8), Lat. 40.28903, Long. 9.102816 (2025/9), Lat. 40.209698 Long. 9.177213 (2025/10), Lat. 40.24404, Long. 9.13817 (2025/11), Lat. 40.33445, Long. 9.15608 (2025/12), Lat. 40.319967, Long. 9.100123 (2025/13), Lat. 40.3451, Long. 9.2594 (2025/14), Lat. 40.3121, Long. 9.2046 (2025/15), Lat. 40.34778, Long. 9.16083 (2025/16), Lat. 40.24096, Long. 9.093 (2025/17), Lat. 40.35071, Long. 9.132964 (2025/18), Lat. 40.3399, Long. 9.167 (2025/19), Lat. 40.725228, Long. 9.485748 (2025/20), Lat. 40.467998, Long. 9.151939 (2025/21), Lat. 40.28833, Long. 9.157329 (2025/22), Lat. 40.24569, Long. 9.20289 (2025/23), Lat. 40.260758, Long. 9.168392 (2025/24), Lat. 40.33221, Long. 9.08099 (2025/25), Lat. 40.280527, Long. 9.116003 (2025/26), Lat. 40.3192, Long. 9.1386 (2025/27), Lat. 40.34618, Long. 9.110074 (2025/28), Lat. 40.304711, Long. 9.068162 (2025/29), Lat. 40.25499, Long. 9.12552 (2025/30), Lat. 40.24738, Long. 9.12763 (2025/31), Lat. 40.28341, Long. 9.22293 (2025/32), Lat. 40.25851, Long. 9.20678 (2025/33), Lat. 40.306593, Long. 9.071998 (2025/34), Lat. 40.33359, Long. 9.16725 (2025/35), Lat. 40.3092, Long. 9.2079 (2025/36), Lat., 40.30125, Long. 9.04641 (2025/37), Lat. 40.25888, Long. 9.2727 (2025/38), Lat. 40.26065, Long. 9.27494 (2025/39), Lat. 40.397264, Long. 9.172869 (2025/40), Lat. 40.30794, Long. 9.07156 (2025/41), Lat. 40.29275, Long. 9.116667 (2025/42), Lat. 40.28273, Long. 9.26401 (2025/43), Lat. 40.284756, Long. 9.303752 (2025/44), Lat. 40.32509, Long. 9.133142 (2025/45), Lat. 40.20129, Long. 9.18471 (2025/46), Lat. 40.23263, Long. 9.15369 (2025/47), Lat. 40.27775, Long. 9.03683 (2025/48), Lat. 40.400795, Long. 9.171361 (2025/49), Lat. 40.38841, Long. 9.00316 (2025/50), Lat. 40.30071, Long. 9.15876 (2025/51), Lat. 40.315906, Long. 9.213706 (2025/52), Lat. 40.1822, Long. 8.5336 (2025/53), Lat.40.174537, Long 9.115053 (2025/54), Lat. 40.41825, Long. 9.14141 (2025/55), Lat. 40.206077 Long. 9.135627 (2025/56), Lat.40.3627, Long. 9.13178 (2025/57), Lat. 40.388023, Long. 9.08036 (2025/58), Lat. 40.414723, Long. 9.128721 (2025/59), Lat. 40.56471, Long. 9.30423 (2025/60), Lat. 40.529482, Long. 9.309159 (2025/61), Lat. 40.528846, Long. 9.316482 (2025/62), Lat. 40.25731, Long. 9.31228 (2025/63), Lat. 40.24868, Long. 9.1688 (2025/64)	1.12.2025- 17.12.2025
	Surveillance zone: Those parts of the region of Sardinia, contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates 40.30429, Long. 9.22154 (2025/1), Lat. 40.30429, Long. 9.22154 (2025/1), Lat. 40.31139, Long. 9.09821 (2025/3), Lat. 40.24291, Long. 9.22451 (2025/4), Lat. 40.392626, Long. 9.018567 (2025/5), Lat. 40.2623, Long. 9.082244 (2025/6), Lat. 40.22246, Long. 9.19132 (2025/7), Lat. 40.335997, Long. 9.123835 (2025/8), Lat. 40.28903, Long. 9.102816 (2025/9), Lat. 40.209698, Long. 9.177213 (2025/10),	17.12.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
	Lat. 40.24404, Long. 9.13817 (2025/11), Lat. 40.33445, Long. 9.15608 (2025/12), Lat. 40.319967, Long. 9.100123 (2025/13), Lat. 40.3451, Long. 9.2594 (2025/14), Lat. 40.3121, Long. 9.2046 (2025/15), Lat. 40.34778, Long. 9.16083 (2025/16), Lat. 40.24096, Long. 9.093 (2025/17), Lat. 40.35071, Long. 9.132964 (2025/18), Lat. 40.3399, Long. 9.167 (2025/19), Lat. 40.725228, Long. 9.485748 (2025/20), Lat. 40.467998, Long. 9.151939 (2025/21), Lat. 40.28833, Long. 9.157329 (2025/22), Lat. 40.24569, Long. 9.20289 (2025/23), Lat. 40.260758, Long. 9.168392 (2025/24), Lat. 40.33221, Long. 9.08099 (2025/25), Lat. 40.280527, Long. 9.116003 (2025/26), Lat. 40.3192, Long. 9.1386 (2025/27), Lat. 40.34618, Long. 9.110074 (2025/28), Lat. 40.304711, Long. 9.068162 (2025/29), Lat. 40.25499, Long. 9.12552 (2025/30), Lat. 40.24738, Long. 9.12763 (2025/31), Lat. 40.28341, Long. 9.22293 (2025/32), Lat. 40.25851, Long. 9.20678 (2025/33), Lat. 40.306593, Long. 9.071998 (2025/34), Lat. 40.33359, Long. 9.16725 (2025/35), Lat. 40.3092, Long. 9.2079 (2025/36), Lat., 40.30125, Long. 9.04641 (2025/37), Lat. 40.25888, Long. 9.2727 (2025/38), Lat. 40.26065, Long. 9.27494 (2025/39), Lat. 40.397264, Long. 9.172869 (2025/40), Lat. 40.30794, Long. 9.07156 (2025/41), Lat. 40.29275, Long. 9.116667 (2025/42), Lat. 40.28273, Long. 9.26401 (2025/43), Lat. 40.284756, Long. 9.303752 (2025/44), Lat. 40.32509, Long. 9.133142 (2025/45), Lat. 40.20129, Long. 9.18471 (2025/46), Lat. 40.23263, Long. 9.15369 (2025/47), Lat. 40.27775, Long. 9.03683 (2025/48), Lat. 40.400795, Long. 9.171361 (2025/49), Lat. 40.38841, Long. 9.00316 (2025/50), Lat. 40.30071, Long. 9.15876 (2025/51), Lat. 40.315906, Long. 9.213706 (2025/52), Lat. 40.1822, Long. 8.5336 (2025/53), Lat.40.174537, Long 9.115053 (2025/54), Lat. 40.41825, Long. 9.14141 (2025/55), Lat. 40.206077, Long. 9.135627 (2025/56), Lat.40.3627, Long. 9.13178 (2025/57), Lat.40.388023, Long. 9.08036 (2025/58), Lat. 40.414723, Long. 9.128721 (2025/59), Lat. 40.56471, Long. 9.30423 (2025/60), Lat. 40.529482, Long. 9.309159 (2025/61), Lat. 40.528846, Long. 9.316482 (2025/62), Lat. 40.25731, Long. 9.31228 (2025/63), Lat. 40.24868, Long. 9.1688 (2025/64) excluding the areas included in the protection zone.	
Réigiún Valle d'Aosta FR-LSD-2025-00017 FR-LSD-2025-00018 FR-LSD-2025-00022 FR-LSD-2025-00026 FR-LSD-2025-00027 FR-LSD-2025-00028 FR-LSD-2025-00029 FR-LSD-2025-00030 FR-LSD-2025-00031 FR-LSD-2025-00032 FR-LSD-2025-00033 FR-LSD-2025-00034 FR-LSD-2025-00038 FR-LSD-2025-00048 FR-LSD-2025-00049	Surveillance zone: Those parts of the region of Valle d'Aosta, contained within a circle of a radius of 50 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 45.739081, Long 6.309311 (FR-LSD-2025-00017), Lat. 45.742, Long. 6.290 (FR-LSD-2025-00018), Lat. 45.788, Long. 6.204 (FR-LSD-2025-00022), Lat. 45.753, Long. 6.272 (FR-LSD-2025-00026), Lat. 45.747, Long. 6.284 (FR-LSD-2025-00027), Lat. 45.731, Long. 6.294 (FR-LSD-2025-00028), Lat. 45.748, Long. 6.294 (FR-LSD-2025-00029), Lat. 45.761, Long. 6.310 (FR-LSD-2025-00030), Lat. 45.762, Long. 6.309 (FR-LSD-2025-00031), Lat. 45.732, Long. 6.296 (FR-LSD-2025-00032), Lat. 45.748, Long. 6.294 (FR-LSD-2025-00033), Lat. 45.767, Long. 6.535 (FR-LSD-2025-00034), Lat. 45.728, Long. 6.269 (FR-LSD-2025-00038), Lat. 45.788, Long. 6.204 (FR-LSD-2025-00048), Lat. 45.741, Long. 6.306	24.10.2025

Limistéar riaracháin agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
FR-LSD-2025-00051 FR-LSD-2025-00053 FR-LSD-2025-00054 FR-LSD-2025-00061 FR-LSD-2025-00064 FR-LSD-2025-00069 FR-LSD-2025-00073 FR-LSD-2025-00075	(FR-LSD-2025-00049), Lat. 45.750, Long. 6.318 (FR-LSD-2025-00051), Lat. 45.773, Long. 6.254 (FR-LSD-2025-00053), Lat. 45.771, Long. 6.252 (FR-LSD-2025-00054), Lat. 45.749, Long. 6.317 (FR-LSD-2025-00061), Lat. 45.748, Long. 6.297 (FR-LSD-2025-00064), Lat 45.729, Long. 6.267 (FR-LSD-2025-00069), Lat. 45.705, Long. 6.305 (FR-LSD-2025-00073), Lat. 45.728, Long. 6.262 (FR-LSD-2025-00075)	

Cuid B: Crios srianta breise

Limistéar riaracháin	Limistéir a bhunaítear mar chrios srianta breise, cuid den chrios srianta, dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Réigiún na Sairdíne	The entire territory of the region of Sardinia, excluding the areas included in any protection or surveillance zone.	18.12.2025

IARSCRÍBHINN II

Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 3

Limistéar riaracháin	Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 3	An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí
Réigiún na Sairdíne	The entire territory of the region of Sardinia	19.12.2025 – 18.01.2026

IARSCRÍBHINN III

Cuid A: Crios vacsaínithe II

Críoch iomlán

— réigiún na Sairdíne go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe, dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.

— na limistéir sin atá lonnaithe i dtréimhse faireachais réigiún Valle D'Aosta go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe, dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.

Cuid B: Crios vacsaínithe I

Críoch iomlán:

— réigiún Valle D'Aosta go dtí lá deiridh na tréimhse athshlánaithe, dá dtagraítear i gCuid 4 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/361.